



01/10/2014

San eagrán seo:

Inside this issue:

Céad Míle Fáilte 1

Tá'n Samhradh Thart!  
Summer is over! 1Féinmheastóireacht Scoile  
School Self-Evaluation 2Luas Tiomána & Páirceáil  
Speed & Parking 3Polasaí um Chaomhnú Leanaí  
Child Protection Policy 3Coiste na dTuistí  
Dátáí don Dialann  
Dates for your Diary 3Polasaí Frith-bhulaíochta  
Anti-bullying Policy 4Deireadh Seachtaine  
Eachtraíochta  
Adventure Weekend 4Cúrsaí Spóirt  
Sporting Information 4

## NUACHTLITIR

## Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18



An Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh &amp; rang N1A



An Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn &amp; rang N1B

## Céad Míle Fáilte!

Tá an scoilbhliain faoi lán tseoil agus gach duine socraithe síos agus dírithe ar an obair chrua! Tá 409 dalta sa scoil anois agus 59 naíonáin shóisearacha nua tosnaíthe linn ag tús mí Meán Fómhair. Fáilte speisialta roimh na páistí, tuismitheoirí agus múinteoirí nua a thosaigh linn i mbliana. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh agus tairbhe as na blianta a chaithfidh sibh linn i nGaelscoil Thaobh na Coille.

*The school year is in full swing, the pupils and teachers have settled back into their school routines and everyone is working away diligently! With 409 pupils and 59 junior infants who started with us this September our school has become an even busier place than normal. A special 'céad míle fáilte' to all the new pupils and parents who joined our school this year. We hope they will enjoy and benefit from the years they will spend with us in Gaelscoil Thaobh na Coille.*



An Múinteoir Bróna Ní Bhaoill &amp; rang N1C

*Emer Ní Chonchradhá*  
Príomhoide

## Tá an Samhradh Thart ! Summer is Over!



Tá an Samhradh thart! Mí Deireadh Fómhair atá ann anois. Tá sé in am na brístí gearra a chuir i dtaisce go dtí an bhliain seo chugainn! Éide scoile iomlán le caitheamh ag gach duine (R1 – R6) gach lá ach amháin ar an lá ar a ndéanann siad corpoideachas (Luan nó Aoine)

*Believe it or not the summer is over! It's now October and it's well and truly time to pack away the shorts until next year! Full school uniform to be worn by all pupils (R1-R6) every day except for the day on which they have P.E. (Monday or Friday)*

## Seirbhís

## Reiligiúnda

### Religious

### Ceremonies



Dáta don Dialann

An Chéad  
Chomaoineach

First Communion

An Satharn 09/05/15

11.00am

Séipéal Mhuire

Ath an Ghainimh



Tá tuile eolais faoin bhféinmheastachán Scoile maraon le cóip den Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile agus an Plean Feabhsúcháin Scoile ar fáil ar shuíomh Ghréasáin na Scoile

More information about School Self-Evaluation, a summary of the School Self-Evaluation Report & the School Improvement Plan can be found on our school web-site

[www.taobhnaoille.ie](http://www.taobhnaoille.ie)

→ Policies → School Self-Evaluation

## Féinmheastóireacht Scoile : School Self-Evaluation

FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE : 2012-2016  
Ó 2012/13, éilítear ar scoileanna gabháil d'fhéinmheastóireacht láidir scoile. Moltar cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith na féinmheastóireachta ar theagasc agus ar fhoghlaim, an litearthacht agus an uimhearthacht san áireamh. Is gá do scoileanna gabháil don fhéinmheastóireacht scoile ar theagasc agus ar fhoghlaim i réimse curaclaim amháin gach bliain. Thar tréimhse ceithre bliana ó 2012 iarrtar ar bhunscoileanna uile na tíre gabháil d'fhéinmheastóireacht scoile agus pleananna feabhsúcháin trí bliana a chruthú don uimhearthacht (Matamaitic) & don litearthacht sa Ghaeilge & don litearthacht sa Bhéarla.

### GAELSCOIL THAOBH NA COILLE

Sa scoilbhliain 2012/13, cuireamar tús le próiseas na féinmheastóireachta scoile. Roghnaíomar an litearthacht (Gaeilge) mar réimse fócais d'fhéinmheastóireacht scoile i nGaelscoil Thaobh na Coille. Cuireadh an Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile don Ghaeilge i gcrích i Meitheamh 2014 agus cuireadh an Plean Feabhsúcháin Scoile don Ghaeilge i gcrích i Meán Fómhair 2014. Tá an plean feabhsúcháin don Ghaeilge á chur i bhfeidhm sa scoil faoi láthair (scoilbhliain 2014/2015).

### PLEAN FEABHSÚCHÁIN don GHAEILGE

Tá sé beartaithe againn tús áite a thabhairt do na réimsí forbartha seo a leanas:  
Cruineas teanga na ndaltaí a fheabhsú  
Saibreas teanga na ndaltaí a fhorbairt  
Diriú ar cheart úsáid an bhriathair, le béim ar leith ar na briathra neamhrialta.  
Plean grádaithe don Ghaeilge a chur le chéile de réir gach caighdeán ranga sa scoil

**Mar thuismitheoir, is féidir leat cuidiú linn trí** Gaeilge a labhairt i gcónaí agus tú ar láthair na scoile agus ag imeachtaí scoile  
Gaeilge a labhairt le do pháistí sa bhaile chomh minic is gur féidir leat  
Breathnú/éisteacht le cláranna Gaeilge ar an teilifís & ar an raidió  
Cuir le do chumas féin sa Ghaeilge trí fhreastal ar na ranganna Gaeilge a chuireann Cumann na dTuistí ar fáil nó ar ranganna Gaeilge ar bith

### SCHOOL SELF-EVALUATION: 2012-2016

*In the school year 2012/13, schools were asked to start the process of self-evaluation focusing on either literacy or numeracy. Schools are advised to adopt a whole-school approach to improving the area selected for self-evaluation. Schools are to engage in school self-evaluation of teaching and learning in one curriculum area each year. Over a four-year period from 2012 all primary schools will engage in school self-evaluation and produce three-year improvement plans for numeracy, literacy in Gaelige & in English.*

### GAELSCOIL THAOBH NA COILLE

*In the 2012/13 school year, we started on the school self-evaluation process. We choose to focus on Literacy in Irish in Gaelscoil Thaobh na Coille for our school self-evaluation. We completed a self-evaluation report on literacy in Irish in June 2014 and devised a school improvement plan that was completed in September 2014. We are presently implementing the school improvement plan for literacy in Irish (school year 2014/2015).*

### SCHOOL IMPROVEMENT PLAN for GAEILGE

*We have prioritised the following areas as our focus for improvement:*

**To improve & develop the accuracy of the pupils' oral language**

*To focus on the correct usage of verbs, specifically the irregular verbs*

*To put together a graded plan for Gaeilge for each class level in the school*

**As a parent you can help by.....**

*Speaking Irish at all times when you are up at the school or at school events*

*Speak Gaeilge at home as often as possible*

*Watch and Listen to Irish language programme on the television and on the radio.*

*Improve your own language skills by attending the ranganna Gaeilge that are organised by Coiste na dtuismitheoirí or any other such class.*

## Luas Tiomána & Páirceáil Driving Speed & Parking




Tá gearán oifigiúil faighte againn ó 'Belarmine Management Ltd.' thar cheann daoine a bhfuil cónaí orthu i mBeallairmín le gearán faoin luas ag a dtiománann tuistí na scoile agus iad iad ag triall ar agus ó Ghaelscoil Thaobh na Coille. Luaitear freisin mí-shástacht lucht Bheallairmín faoi dhaoine a bheith ag páirceáil thuas ar an bhféar agus i spásanna páirceála príomháideacha. Deirtear freisin go bhfuil tiomanaithe thar a bheith mí-fhoighneach le daoine agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh amach as an eastáit. Tá a fhios againn go mbíonn daoine faoi bhrú ar maidin ag iarraidh na páistí a fhágáil ar scoil roimh dul ag obair ach iarrtar oraibh:

- tiomáint go réidh, agus coinneáil leis an luas teorann
- gan bealach amach daoine a chónaíonn i mBeallairmín a bhlocáil
- a bheith foighneach agus cead isteach is amach a thabhairt do thiomáithe a bhíonn ag iarraidh dul sa mhalairt treo
- gan páirceáil ar an bhféar nó in áiteanna páirceála príomháideacha.

*We have received another complaint from 'Belarmine Management Ltd.' on behalf of Belarmine residents to voice their concerns about the speed at which parents drive through the estate as they make their way to and from Gaelscoil Thaobh na Coille. They are also unhappy about people parking on the grass verges and in private parking spots. Also mentioned is the lack of patience/tolerance shown to residence as they try to make their way out of their driveways and the estate. We appreciate that people are under pressure in the mornings to drop their children to school before heading to work HOWEVER we ask you to please*

- *Drive carefully and adhere to the speed limit*
- *Do not block resident's access and exit routes*
- *Be patients and considerate of residents and drivers going in the opposite direction*
- *Do not park on the grass or in any private parking spots.*



## Polasaí um Chaomhnú Leanaí Child Protection Policy

Fógra i ndáil le hAthbhreithniú an Bhoird Bainistíochta ar an bpolasaí maidir le caomhnú leanaí

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille a chur in iúl:

1. Go ndearnadh athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar pholasaí na scoile maidir le caomhnú leanaí a thabhairt chun críche ag cruinniú an Bhoird ar 22/09/2014.
2. Go ndearnadh an t-athbhreithniú seo de réir an liosta seiceála a leagtar amach in Aguisín 2 le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne.
3. Tá cóip de Pholasaí um Chaomhnú Leanaí Ghaelscoil Thaobh na Coille ar fáil ar shuíomh ghréasáin na scoile [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie) (Polasaithe → Caomhnú Leanaí)

### Notification regarding the Board of Management's annual review of the child protection policy

The Board of Management of Gaelscoil Thaobh na Coille wishes to inform you that:

1. *The Board of Management's annual review of the school's child protection policy was completed at the Board meeting of 22/09/2014*
2. *This review was conducted in accordance with the checklist set out in Appendix 2 of the Department's 'Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools'*
3. *A copy of Gaelscoil Thaobh na Coille's Child Protection Policy may be viewed on the school website [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie) (Policies → Child Protection)*

Dátaí do Dialann  
Dates for your Diary

### Coiste na dTuismitheoirí

Aoine 10/10/2014  
Óíche Shóisialta  
do na Tuismitheoirí  
Social Night



### Lamb Doyles

(thuas staighre)  
8pm  
Ceol beo, Céilí  
& Crannchur  
Bigí ann!  
Cead isteach €5

Aoine 07/11/14



### Óíche Scannánaíochta

Movie Night sa scoil  
N1—R2  
6.30pm

Céadaoin 12/11/14  
Díolachán Faisean Swish  
Swish High Fashion Sale  
sa scoil 8.00pm



## Polasaí Frithbhulaíochta

Tá muid ag obair ar beartas frithbhulaíochta a cheapadh agus a ghlacadh go foirmiúil i láthair na huaire a luíonn leis na riachtanaisí atá leagtha amach sa cháipéis 'Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile & Iarbhunscoile' a d'eisigh an Roinn Oideachas & Eolaíochta i Meán Fómhair 2013. Tá an dréacht deiridh á chioradh ag an mBord Bainistíochta & ag foireann na scoile faoi láthair agus beidh sé á chuir ar fáil do Choiste na dTuistí le hinniúchadh freisin sula ndéantar an polasaí a fhaomhadh go foirmeálta ag an gcéad chruinniú boird eile.

Beidh Polasaí Frith-bhulaíochta na Scoile ar fáil ar shuíomh ghréasáin na scoile roimh dheireadh na míosa seo.

*We are in the process of developing and formally adopting an anti-bullying policy which fully complies with the 'Anti-Bullying Procedures for Primary & Post-Primary School' as issued by the Department of Education in Sept 2013. The Board of Management and the teachers are currently examining and editing the draft policy. It will also be given to Coiste na dTuismitheoirí for their input before it is formally ratified at our next Board of Management meeting.*

*The School's Anti-bullying policy will be published on the school website before the end of this month.*



Craobh Iománaíocht 2014

## Buíochas

le Bróna Ní Bhaoill, Karl Priestley, Rónán Mac Niallais, Máirín Ní Dhubhthaigh & Maoilíosa Ó Dubhthaigh as an obair ar fad a dhéanann sibh leis na páistí a thraenáil & a thabhairt ag na cluichí i ndiaidh am scoile.

## Deireadh Seachtaine Eachtraíochta do Theaghlaigh

*Adventure weekend for Irish speaking families*

Tá deireadh seachtaine eachtraíochtaí á eagrú ag Glór na nGael do theaghlaigh Ghaeilge don Samhain. Beidh an t-imeacht ar siúl in Ionad Eachtraíochta Chip Iúir i gCill Mhantain ar 31 Deireadh Fómhair agus 1 Samhain 2014. Tá Ionad Eachtraíochta Chip Iúir lonnaithe i sléibhte Chill Mhantáin 30 nóiméad ón M50/Támhlacht agus 50 nóiméad ó lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá 240 acra talún ag an eastát faoi dhuilliúir agus ailtinn agus beidh rianóireacht agus cuichí foirne mar chuid den deireadh seachtaine.

Cosnóidh an t-imeacht - oíche amháin agus lá - €50 an duine ach beidh Glór na nGael ábalta lacáiste a thabhairt ag laghdú an costas go €30. Beidh de rogha ag teaghlaigh fanacht don dara oíche ar a gcostas féin ar €35 eile leaba agus bricfeasta.

*Glór na nGael is organising an adventure weekend for families at Halloween. The event will be held in the Kippure Adventure Centre in Wicklow on 31 October and 1 November. 2014. The Centre, located in the Wicklow Mountains, is fifty minutes from the centre of Dublin and thirty minutes from the M50/Tallaght. The weekend event will include team games and orienteering on the 240 acre estate.*

*It will cost €50 per person for one night stay and the following days activities. Glór na nGael will be offering a discount, reducing the cost to €30. Families will have the option of staying a second night at the additional cost of €35 for bed and breakfast.*

Tá tuilleadh eolais ar fáil *Further information is available* ó Ghlór na nGael ag [marcas@glornangael.ie](mailto:marcas@glornangael.ie) nó ar ghuthán ag +353 86 171 9755.

## Cúrsaí Spóirt Léig Peile Chumann na mBunscol

Tá léigeanna peile Chumann na mBunscol faoi lán tseoil agus daltaí na scoile ag traenáil agus ag imirt le díogras agus le fuinneamh. Tá daltaí ó ranganna a 4, 5 & 6 ag gabháil don traenáil peile. Tá an pháirc imirthe il-aimseartha sa Chéim in úsáid againn don traenáil gach Aoine. Tá foireann na mbuachaill ag imirt i léig peile sinsear na mbuachaillí agus na cailín páirteach i léig peile sinsear na gcailíní.

Beidh na cailíní ag imirt in aghaidh Scoil Mharcais i dTámhlacht, inniu agus tabharfaidh foireann na mbuachaillí aghaidh ar Scoil Náisiúnta Rolestown, Sórd Cholmcille i bPáirceanna Chlanna Gael sa Rinn an tseachtain seo chugainn.



*Cumann na mBunscol's football leagues are in full swing and our pupils are training and playing with great enthusiasm and determination. Over 80 girls & boys from 4th to 6th class are participating in the training. Training takes place every Friday afternoon at the all-weather pitches in Stepside with matches taking place on Wednesdays and Thursdays.*

*The girls play St Marks, Tallaght this afternoon and the boys will take on Rolestown NS, Swords in Clanna Gaels pitches in Ringsend next week.*



Craobh Peile 2013